CINNEADH (AE) 2022/1976 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Deireadh Fómhair 2022

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, sa Choiste Trádála arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Choiste Trádála a ghlacadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 91(1) agus 100(2) agus Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór ("an Comhaontú") i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/1875 ón gComhairle ([1]), agus tháinig sé i bhfeidhm an 21 Samhain 2019.

(2) Bunaíodh an Coiste Trádála leis an gComhaontú.

(3) De bhun Airteagal 16.1, mír 4(f), den Chomhaontú, féadfaidh an Coiste Trádála a rialacha nós imeachta féin a ghlacadh.

(4) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Trádála a bhunú maidir lena rialacha nós imeachta a ghlacadh chun a áirithiú go gcuirfear an Comhaontú chun feidhme go héifeachtach.

(5) Ba cheart seasamh an Aontais sa Choiste Trádála a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh a bhunú ar an dréachtchinneadh ón gCoiste Trádála atá i gceangal leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, sa Choiste Trádála arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór, a mhéid a bhaineann lena rialacha nós imeachta a ghlacadh, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste sin atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 17 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. NEKULA

([1]) Cinneadh (AE) 2019/1875 ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór (IO L 294, 14.11.2019, lch. 1).

DRÉACHT

CINNEADH Uimh. …/2022 ÓN gCOISTE TRÁDÁLA

an …

maidir lena Rialacha Nós Imeachta

TÁ AN COISTE TRÁDÁLA,

Ag féachaint don Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór ('an Comhaontú '), agus go háirithe Airteagal 16.1, mír 4(f) de,

De bhrí, de bhun Airteagal 16.1, mír 4(f) den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór, go bhféadfaidh an Coiste Trádála a Rialacha Nós Imeachta féin a ghlacadh.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

1. Bunaítear Rialacha Nós Imeachta an Choiste Trádála mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

2. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an ...

Arna dhéanamh i/in/sa ..., ...

Thar cheann an Choiste Trádála
Na Comhchathaoirligh

IARSCRÍBHINN

RIALACHA NÓS IMEACHTA AN CHOISTE TRÁDÁLA ARNA BHUNÚ LE HAIRTEAGAL 16.1 DEN CHOMHAONTÚ SAORTHRÁDÁLA IDIR AN TAONTAS EORPACH, DE PHÁIRT, AGUS POBLACHT SHINGEAPÓR, DEN PHÁIRT EILE

RIAIL 1

Ról agus Ainm an Choiste Trádála

1. Tá an Coiste Trádála arna bhunú de bhun Airteagal 16.1 den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór, ('an Comhaontú') freagrach as gach ábhar dá dtagraítear in Airteagal 16.1 den Chomhaontú.

2. Is é an Coiste Trádála a thabharfar ar an gCoiste dá dtagraítear i mír 1i ndoiciméid an Choiste, lena n-áirítear cinntí agus moltaí.

RIAIL 2

Comhdhéanamh agus Comhchathaoirligh

1. De bhun Airteagal 16.1 den Chomhaontú, beidh ionadaithe ón Aontas Eorpach agus ó Phoblacht Shingeapór ar an gCoiste Trádála agus déanfaidh an Comhalta den Choimisiún Eorpach atá freagrach as Trádáil agus an tAire um Thrádáil agus Tionsclaíocht Shingeapór comhchathaoirleacht ar an gCoiste, sin nó déanfaidh ionadaithe na beirte sin comhchathaoirleacht.

2. Déanfaidh gach Páirtí fógra a thabhairt don Pháirtí eile faoi ainm, post agus sonraí teagmhála an oifigigh tharmligthe ar a bhfuil sé de chúram comhchathaoirleacht a dhéanamh ar an gCoiste Trádála thar ceann an Pháirtí sin. Measfar go bhfuil sé d'údarás ag an oifigeach tarmligthe sin ionadaíocht a dhéanamh ar an bPáirtí go dtí an dáta a thabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile gur cheap sé Comhchathaoirleach nua.

RIAIL 3

Rúnaíocht

1. Oifigigh ón roinn atá freagrach as Trádáil de chuid gach Páirtí, is iadsan a bheidh ina Rúnaíocht ar an gCoiste Trádála.

2. Tabharfaidh an dá Pháirtí fógra dá chéile faoi ainm, post, agus sonraí teagmhála an oifigigh atá ina chomhalta de Rúnaíocht an Choiste Trádála thar ceann an Pháirtí sin. Measfar an t-oifigeach a bheith fós ina chomhalta de Rúnaíocht an Pháirtí go dtí an dáta a thabharfaidh an Páirtí fógra don Pháirtí eile gur cheap sé comhalta nua.

RIAIL 4

Cruinnithe

1. I gcomhréir le hAirteagal 16.1 den Chomhaontú, tiocfaidh an Coiste Trádála le chéile gach dhá bhliain nó gan moill mhíchuí arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí.

2. Tionólfar na cruinnithe ar an dáta a shocraítear agus ag an am a shocraítear ar bhonn idirmhalartach sa Bhruiséil agus i Singeapór, mura gcomhaontóidh na Comhchathaoirligh a mhalairt.

3. Comhchathaoirleach an Pháirtí atá ina óstach ar an gcruinniú, is eisean a dhéanfaidh an cruinniú a thionól.

4. Féadfar cruinniú a reáchtáil i láthair a chéile, nó trí fhíschomhdháil, nó ar aon bhealach eile.

RIAIL 5

Toscaireachtaí

Cuirfidh gach comhalta de Rúnaíocht an Choiste Trádála de chuid gach Páirtí an comhalta eile ar an eolas, roimh gach cruinniú, faoi chomhdhéanamh beartaithe thoscaireachtaí a pháirtí faoi seach. Sna liostaí sin sonrófar ainm agus feidhm gach comhalta den toscaireacht.

RIAIL 6

An clár oibre do na cruinnithe

1. Dréachtóidh Rúnaíocht an Choiste Trádála clár oibre sealadach do gach cruinniú, 15 lá roimh an gcruinniú ar a laghad, ar bhonn togra ón bPáirtí a bheidh ina óstach ar an gcruinniú. Beidh deis ag an bPáirtí eile barúlacha a thabhairt.

2. Glacfaidh an Coiste Trádála an clár oibre ag tús gach cruinnithe. Ítimí nach bhfuil ar an gclár oibre sealadach, féadfar iad a chur ar an gclár oibre trí chomhaontú frithpháirteach.

RIAIL 7

Cuireadh a thabhairt do shaineolaithe

Féadfaidh Comhchathaoirligh an Choiste Trádála, trí chomhaontú frithpháirteach, cuireadh a thabhairt do shaineolaithe neamhspleácha freastal ar chruinnithe den Choiste Trádála chun faisnéis a sholáthar maidir le hábhair shonracha agus ní bheidís i láthair ach amháin do na codanna den chruinniú a bhaineann leis na hábhair shonracha sin.

RIAIL 8

Miontuairiscí

1. Maidir le dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú, is é comhalta de Rúnaíocht an Pháirtí atá ag óstáil an chruinnithe a dhéanfaidh iad sin a tharraingt suas, laistigh de 21 lá ó dheireadh an chruinnithe, mura gcinnfidh na Comhchathaoirligh a mhalairt. Seolfar na dréacht-mhiontuairiscí chuig an gcomhalta den Rúnaíocht ón bPáirtí eile ar mhaithe le barúlacha a fháil.

2. I gcás ina mbeidh feidhm ag na rialacha nós imeachta seo maidir le cruinnithe na gcoistí speisialaithe, cuirfear miontuairiscí chruinnithe na gcoistí speisialaithe ar fáil le haghaidh gach cruinnithe eile de chuid an Choiste Trádála dá éis sin.

3. Déanfar achoimre sna miontuairiscí, mar riail ghinearálta, ar gach ítim atá ar an gclár oibre, agus sonrófar an méid seo a leanas iontu, i gcás inarb infheidhme:

(a) na doiciméid ar fad a chuirtear faoi bhráid an Choiste Trádála;

(b) aon ráiteas a d'iarr duine de Chomhchathaoirligh an Choiste Trádála a chur sna miontuairiscí; agus

(c) na cinntí a rinneadh, na moltaí a rinneadh, na ráitis a comhaontaíodh agus na conclúidí a glacadh i leith ítimí sonracha.

4. Áireofar sna miontuairiscí liosta ar a mbeidh cinntí uile an Choiste Trádála, a rinneadh trí nós imeachta i scríbhinn de bhun Riail 9.2, ón uair dheireanach a bhí cruinniú ag an gCoiste.

5. Beidh iarscríbhinn ag gabháil leis na miontuairiscí freisin ina mbeidh liosta ainmneacha agus teidil na ndaoine ar fad a bhí i láthair ag cruinniú an Choiste Trádála, mar aon le cáil na ndaoine sin.

6. Déanfaidh an Rúnaíocht na dréacht-mhiontuairiscí a choigeartú ar bhonn na mbarúlacha a fuarthas agus déanfaidh na Páirtithe na dréacht-mhiontuairiscí, arna n-athbhreithniú, a fhormheas laistigh de 30 lá ó dháta an chruinnithe, nó faoi aon dáta arna shocrú ag na Comhchathaoirligh. Nuair a bheidh siad formheasta, ullmhóidh an Rúnaíocht dhá leagan bunaidh de na miontuairiscí agus gheobhaidh na Páirtithe araon leagan bunaidh amháin de na miontuairiscí.

RIAIL 9

Cinntí agus moltaí

1. Féadfaidh an Coiste Trádála cinntí agus moltaí a ghlacadh i gcás gach ábhair, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa Chomhaontú. Is trí chomhaontú frithpháirteach a ghlacfaidh an Coiste Trádála cinntí agus moltaí, faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 16.4 den Chomhaontú.

2. Sa tréimhse idir cruinnithe, féadfaidh an Coiste Trádála cinntí nó moltaí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn.

3. Chuige sin, déanfaidh Comhchathaoirleach téacs dréachtchinnidh nó dréachtmholta a thíolacadh i scríbhinn don Chomhchathaoirleach eile i dteanga oibre an Choiste Trádála. Beidh mí amháin, nó tréimhse níos faide a shonróidh an Páirtí atá á chur chun cinn, ag an bPáirtí eile lena chur in iúl go nglacann sé leis an dréachtchinneadh nó an dréachtmholadh. Measfar na dréachtchinntí nó dréachtmholtaí a bheith glactha a thúisce a chuirfidh an Páirtí eile in iúl go nglacann sé leo laistigh de thréimhse ama a shonróidh an Páirtí a dhéanann an moladh agus déanfar sin a thaifeadadh i miontuairiscí chruinniú an Choiste Trádála de bhun Riail 8(4). Mura gcuirfidh an Páirtí eile in iúl go nglacann sé leis, pléifear an cinneadh nó an moladh atáthar a chur chun cinn, agus féadfar é a ghlacadh, ag an gcéad chruinniú eile den Choiste Trádála.

4. I gcás ina dtugtar de chumhacht don Choiste Trádála faoin gComhaontú cinntí nó moltaí a ghlacadh, tabharfar 'Cinneadh' nó 'Moladh' ar na gníomhartha sin faoi seach. Cuirfidh Rúnaíocht an Choiste Trádála sraithuimhir chéimnitheach, dáta glactha agus tuairisc ar a ábhar le haon chinneadh nó moladh. Déanfar foráil i ngach cinneadh nó moladh maidir le dáta a theacht i bhfeidhm nó dáta feidhme, de réir mar is iomchuí.

5. Déanfar na cinntí nó moltaí arna nglacadh ag an gCoiste Trádála i ndúblach, fíordheimhneofaidh na Comhchathaoirligh iad agus déanfar sin a tharchur chuig gach Páirtí.

RIAIL 10

Trédhearcacht

1. Mura sonraítear a mhalairt leis an gComhaontú nó mura gcinneann na Páirtithe a mhalairt, ní bheidh cruinnithe an Choiste Trádála ar oscailt don phobal.

2. Féadfaidh gach Páirtí cinneadh a dhéanamh cinntí agus moltaí an Choiste Trádála a fhoilsiú ina fhoilseachán oifigiúil féin nó ar líne.

3. I gcás ina gcuirfidh Páirtí faisnéis a meastar ina leith go bhfuil sí faoi rún faoidhlíthe agus rialacháin an Pháirtí sin faoi bhráid an Choiste Trádála, déileálfaidh an Páirtí eile leis an bhfaisnéis sin mar fhaisnéis rúnda, mura gcomhaontóidh an Páirtí a dhéanfaidh an tíolacadh a mhalairt.

4. Féadfaidh gach Páirtí an clár oibre a tugadh chun críche idir na Páirtithe roimh chruinniú an Choiste Trádála agus na miontuairiscí comhpháirteacha formheasta arna dtarraingt suas i gcomhréir le Riail 8 a phoibliú in aon mheán iomchuí.

5. Foilseofar na doiciméid a luaitear faoi mhíreanna 2 go 4 i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme de chuid gach Páirtí.

RIAIL 11

Teangacha

1. Is é an Béarla an teanga oibre a bheidh ag an gCoiste Trádála.

2. Glacfaidh an Coiste Trádála cinntí a bhaineann le leasú nó léiriú an Chomhaontaithe. Tá feidhm mutatis mutandis ag Airteagal 16.21 den Chomhaontú maidir le cinntí ón gCoiste Trádála lena leasaítear nó lena léirítear an Comhaontú. Gach cinneadh ón gCoiste Trádála, lena n-áirítear an cinneadh lena nglacfar na rialacha nós imeachta seo, is sa teanga oibre dá dtagraítear i mír 1 a dhéanfar é a ghlacadh.

3. Beidh gach Páirtí freagrach as cinntí agus doiciméid eile a aistriú go dtí a theanga oifigiúil féin nó a theangacha oifigiúla féin, má cheanglaítear amhlaidh de bhun na Rialach seo, agus íocfaidh sé as na caiteachas a bhaineann leis an aistriúchán sin.

RIAIL 12

Speansas

1. Íocfaidh gach Páirtí as aon chaiteachas a thabhóidh sé de thoradh a bheith rannpháirteach i gcruinnithe an Choiste Trádála, maidir le caiteachas foirne, taistil agus cothaithe go háirithe, agus maidir le caiteachas fís-chomhdhálacha, teilea-chomhdhálacha, poist agus teileachumarsáide.

2. Is é an Páirtí a bheidh ina óstach ar an gcruinniú a sheasfaidh an caiteachas i ndáil le cruinnithe a eagrú agus doiciméid a atáirgeadh.

RIAIL 13

Coistí Speisialaithe agus comhlachtaí eile

1. Féadfar Coistí Speisialaithe a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 16.1 den Chomhaontú chun déileáil le gach ábhar a tharmligfidh an Coiste Trádála dóibh.

2. De bhun Airteagal 16.1 agus 16.2 den Chomhaontú, déanfaidh an Coiste Trádála maoirseacht ar obair na gcoistí speisialaithe agus na gcomhlachtaí eile uile arna mbunú faoin gComhaontú.

3. Cuirfear an Coiste Trádála ar an eolas i scríbhinn faoi na pointí teagmhála a d'ainmnigh Coistí Speisialaithe nó comhlachtaí eile arna mbunú faoin gComhaontú. Cuirfear gach comhfhreagras, doiciméad agus cumarsáid ábhartha idir pointí teagmhála gach Coiste Speisialaithe a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe ar aghaidh an tráth céanna chuig Rúnaíocht an Choiste Trádála.

4. De bhun Airteagal 16.2 den Chomhaontú, tabharfaidh na Coistí Speisialaithe tuarascáil don Choiste Trádála ar thorthaí agus ar chonclúidí gach ceann dá gcuid cruinnithe.

5. Mura gcinnfidh gach Coiste Speisialaithe a mhalairt, beidh feidhm mutatis mutandis ag na Rialacha Nós Imeachta seo maidir leis na coistí speisialaithe agus comhlachtaí eile arna mbunú faoin gComhaontú.

RIAIL 14

Na Rialacha Nós Imeachta a Leasú

Féadfar na Rialacha Nós Imeachta seo a leasú i scríbhinn le cinneadh ón gCoiste Trádála i gcomhréir le Riail 9.